

❖ An Lúibín ❖

28 Eanáir 2023

Stair mhuintire


Family history is not merely for members of the family; it is also useful as a resource for the professional historian. Much can be learned from a new book by Irish-Australian family historian Mary Doyle.

Tá ré na staire teaghlaigh sroichte againn. Beatha an staraí fírinne, a deir an seanfhocal, agus chun teacht ar an bhfírinne caithfidh tú tochailt, is cuma más staraí gairmiúil thú nó amaitéarach díograiseach. Is iad na hamaitéaraigh úd crann taca na staire teaghlaigh agus scéal a muintire á scagadh acu, scéal a d'fhéadfadh a bheith mar fhoirse ag an staraí acadúil féin.

Sampla nua ón Astráil is ea leabhar le Mary Doyle in Melbourne: *From Gowran to Nenagh to Kilmore and beyond: Larry Doyle, Eliza Cleary and descendants* (Mary Doyle & Val Noone, Fitzroy 2022). Seo an leabhar deireanach de shraith de cheithre leabhar leis an údar céanna: tosaíonn sé le cuntas ar dhála na hÉireann sa 19ú haois agus ina dhiaidh sin déantar miontuairisc ar gach craobh dá muintir. Baill den mhuintir féin is mó a chuirfeadh suim i gcuid mhaith den scéal, ar ndóigh, ach soláthraítear stair chuimsitheach a thaispeánann dúinn Astrálaigh á ndéanamh de shliocht na nÉireannach.

Ní mór an t-údar a mholadh as a bhfuil de thaighde déanta aici. Cuimhní cinn, litreacha, grianghraif, foinsí tánaisteacha – tá siad go léir anseo, agus grinnléiriú déanta ar uige dhlúth an tsaol dá réir. De startha a dhéantar an stair.

Sin bua an staraí teaghlaigh – díriú isteach ar scéalta an ghnáthshaoil, scéalta a bhfuil blas na coitiantachta orthu, blas na beatha. Cinnte, bheadh súil agat chomh maith le cruinneas, le hamhras, le dianscagadh, mar a bheadh le fáil i saothar an staraí ghairmiúil; bheadh súil agat leis an bhfírinne, nó leis an rud is gaire di. Agus ós gaire an craiceann ná an léine, d'fhaighfeá saol an údair féin fite fuaite i stair a muintire. Is cinnte go bhfuil fios a gnó ag scríbhneoir an leabhair seo, mar is ceart di agus na ceithre scór sárarithe aici. Gaois na mblianta.



Gaeilgeoirí á lorg ag an gCoimisiún Eorpach

Irish is now a full working language of the European Union. Translators and others with Irish are in high demand, though a debate continues as to the value of the work.

Tá an Ghaeilge ar an gceangal is dúchasaí idir Éirinn agus an mór-roinn, ceangal ata á chothú fós ag an gCoimisiún Eorpach agus é ag iarraidh aistriitheoirí, ateangairí, dlítheangeolaithe, cúntóirí agus profléitheoirí Gaeilge a fhostú. Níorbh fhurasta é seo a dhéanamh le beagán blianta anuas agus milleán á chur ar dheacracht na scrúduithe. Agus tá daoine ann fós a bhfuil amhras orthu faoin ngá atá le Gaeilge i ngnóthaí an Aontais Eorpaigh. Tá Béarla ag gach Éireannach agus é mar theanga dhúchais ag formhór na nGaeilgeoirí féin. D'fhágfadh sin nach bhfuil sna haistriitheoirí agus eile ach siombail eile den fhéiniúlacht chultúrtha, comhartha gan tathag.

Déanta na fírinne, tugann úsáid na Gaeilge sa Choimisiún Eorpach léargas suimiúil ar an débhríocht a bhaineann le stádas na Gaeilge in Éirinn féin. Den chuid is mó, tá an Ghaeilge á caomhnú mar theanga bheo ag líonra de chainteoirí nach mian leo go gceilfí an taobh sin dá ndúchas orthu. Fáiltíonn siad roimh aon chabhair a thugann an stát dóibh ach níl siad ag brath ar an gcabhair sin chun gníomh a dhéanamh. Ba dheacair cuimhneamh ar thoradh fóna a tháinig ar bheartais stáit sna cúrsaí seo: ar éigean is féidir seirbhísí a fháil trí Ghaeilge, tá ag teip ar na scoileanna cainteoirí líofa a sholáthar, tá an Ghaeltacht ag meath i gcónaí. Ní hé an stát a chuir na gaelscoileanna ar bun ach an pobal agus rath orthu dá réir. Ach ní ligeann an idé-eolaíocht chultúrtha don stát fáil réidh lena dhílseacht don teanga mar chomhartha, agus tá polaiteoirí ann i gcónaí atá sásta an Ghaeilge a chur chun cinn. B'fhusa riamh rud éigin a dhéanamh ar son na Gaeilge san Aontas Eorpach ná cruth nua a chur ar an scéal sa bhaile.

Tá timpeall 160 Éireannach ag obair trí Ghaeilge in institiúidí an Aontais Eorpaigh faoi láthair agus iad le fáil i Lucsamburg, sa Bheilge agus i mBanc Ceannais na hEorpa. Tá neart post le líonadh fós agus ba cheart go mbeadh 180 ar fostú faoi dheireadh 2023. Ní mór duit céim ollscoile a bheith agat ach ní gá gur céim sa Ghaeilge í nó céim san aistriúchán, agus tá a lán cúrsaí ann a luíonn le hobair an aistriúcháin. Tá scéimeanna oiliúna ann agus íoctar na rannpháirtithe dá réir. Faigheann ar a laghad 70% de na daoine sin post sna hinstitiúidí.

Áitítear go dtéann go dtéann úsáid na Gaeilge san Aontas Eorpach ar sochar don teanga sa mhéid go saibhrítear í agus go bhfuil poist ar fáil a bhfuil gradam ag baint leo. Chomh maith leis sin, cuireann úsáid na Gaeilge in iúl go bhfuil dúchas ar leith ag Éirinn, fiú má chreidtear go forleathan fós gur labhair na hÉireannaigh Béarla riamh. B'fhéarr fós dá dtabharfaí súil fhuarchúiseach ar staid na Gaeilge in Éirinn féin, ach chuirfeadh an t-athmhachnamh sin scéin i ndaoine áirithe. Agus sin scéal eile.

Féach epso.europa.eu agus Gov.ie.



Gaeilge ar an scáileán

More money for Irish on radio and screen. Films especially can show another Ireland to the world – one in which the Irish language has a presence.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann le €2 milliún a thabhairt do chúig thionscadal déag raidió agus teilifíse ar son cláir Ghaeilge. Ní mór cothrom na Féinne a thabhairt do mhná sna tionscadail sin. Beidh deich dtionscadal i nGaeilge ar fad agus beidh cúig cinn dátheangach (caithfidh 30% ar a laghad den chlár a bheith i nGaeilge).

Maith an scéal, a déarfadh tú. Ina theannta sin, mar is eol dúinn, tá spreagadh á thabhairt do scannáin Ghaeilge. Is é 'An Cailín Ciúin' (scannán atá bunaithe ar 'Foster' le Claire Keegan) an ceann is mó clú faoi láthair: is ciúin iad na linnte lána. Cuimhnimis chomh maith ar 'Kings,' 'Arracht,' 'Foscadh' agus 'Doineann,' i measc roinnt eile.

Is mór an tábhacht atá le scannáin agus cláir theilifíse i nGaeilge. Léiríonn siad saol na nGael don domhan mór, saol a bhfoláitear orainn go minic agus an Béarla i réim. Ba mhaith an rud é scannán Gaeilge in aghaidh na bliana, ach ar éigean a bheadh lucht scannánaíochta na hÉireann a leithéid a dhéanamh i mBéarla féin. Bheimis sásta scannán Gaeilge a fheiceáil gach cúpla bliain, is cuma faoin ábhar, cé go mbeadh fáilte ar leith againn roimh léargas ar shaol comhaimseartha na cathrach, ós sa limistéar sin atá an teanga á hathfhréamhú féin faoi latháir.

Tá gá le meitheal chun scannán ar bith a dhéanamh, agus má thagann borradh faoin méid léiriúcháin i nGaeilge tiocfaidh borradh faoin líon teicneoirí agus aisteoirí a bhfuil taithí acu ar a bheith ag obair trí Ghaeilge. Fiú más buí le bocht an beagán, déanaimis mórán den bheagán. Is mithid Éire eile a thaispeáint don domhan.



Glór na hóige sa Ghaeltacht

The evidence shows that the youth of the Gaeltacht are, more often than not, abandoning the Irish language. But not all: a young student from Conamara has spoken out, while strongly criticising the treatment of Irish in the education system.

Ni gann an fhianaise a léiríonn go bhfuil deireadh ag teacht leis an bhfíor-Ghaeltacht. Tá cuid de na daoine óga ag scaipeadh, mar atá ar fud na tuaithe; fanann cuid eile sa bhaile agus iad ag iompú ar an mBéarla. Fágann sin roinnt eile, daoine óga a bhfuil cion acu ar an nGaeilge agus fonn orthu í a choinneáil beo. Orthu sin tá Eimear Nic Dhonnchadha, dalta idirbhliana as Conamara a thug aitheasc i dTeach Laighean Lá Domhanda na Leanaí. (Tá leagan de le fáil in Tuarascáil, *The Irish Times*, 2/1/23.)¹

Rugadh agus tógadh mé i nGaeltacht Chonamara, an ceantar Gaeltacha is mó sa tír. Níor fhoghlaim mé Béarla go dtí go raibh mé seacht mbliana d'aois. Chaith mé m'óige ar an gcaoi chéanna gur chaith chuile ghasúr eile sa tír na blianta sin, sé an t-aon difríocht amháin ná go ndearna mise agus mo chuid cairde trí Ghaeilge é.

Luann sí na fadhbanna a luíonn ar mhuintir na Gaeltacha – easpa tithíochta, easpa seirbhísí i nGaeilge, fadhbanna eacnamúla. Agus is beag an meas atá aici ar an gcóras oideachais agus Gaeilge i gceist: deir sí go bhfuil sí féin agus gach duine eile as ceantar Gaeltacha fágtha ag snámh in aghaidh easa.

Cén fáth go gcaithfidh an t-aistriúchán Gaeilge ar na scrúdaithe a bheith chomh dona gur chuir chuile mhúinteoir faoi ndeara dúinn cóip Bhéarla de na scrúdaithe a éileamh chun go ndéanfadh muid aon mhaith? Cén fáth go bhfuil leath de mo chuid téacsleabhar i mBéarla, nó fíor-dhroch-Ghaeilge? Cén fáth go gcaithfidh mise leagan mínádúrtha, gránna a úsáid den teanga gur breá liom i mo chuid scrúdaithe chun nach gcaillfidh mé marcanna mar gur úsáid mé Gaeilge Chonamara seachas an Caighdeán?

Tá sí orthu siúd a mheasann gur cheart an Ghaeilge a scoilt ina dhá ábhar, ceann riachtanach agus ceann roghnach. Bheadh ar a laghad 50% de na marcanna le fáil ón scrúdú cainte. Bheadh litríocht na Gaeilge mar ábhar roghnach – ábhar atá tábhachtach 'ach atá i bhfad ródheacair do scoláire nach dtuigeann an teanga'.

Cuireann sí an Ghaeilge i gcomórtas le nua-theangacha eile na hEorpa, a ndéantar staidéar orthu ar feadh sé bliana san mheánscoil. Éiríonn níos fearr le scoláirí sna hábhair sin ná mar a éiríonn leo sa Ghaeilge, cé go bhfuil siad ag déanamh staidéar ar an nGaeilge le ceithre bliana déag. Is minic, mar a deir sí, a bhreathnaítear ar an nGaeilge mar ábhar leadránach, deacair, teanga nach bhfuil gá léi. Tá gá, mar sin, le meon nua sa chóras oideachais.

Admhaíonn sí go bhfuil an Ghaeltacht ar an dé deiridh, ach tá dóchas aici fós. Bíonn súil le muir ach ní bhíonn súil le huaigh. Ábhar suime í a tuairisc ós duine óg í a fáisceadh as an nGaeltacht agus a aithníonn na fadhbanna ach nár chaill a misneach. Ach ní mór a aithint nach dócha, i bhfianaise na staitisticí, go dtiocfaidh rath arís ar an nGaeltacht. Rinne an stát faillí sa teanga ann agus is fada líon na gcainteoirí ag laghdú. Tá slánú na teanga le lorg in áiteanna eile mar ar tháinig an Béarla i réim fadó ach a bhfuil deis ag an nGaeilge dul i neart arís ann.



Tubaiste in oirthuaisceart na hAfraice

The Horn of Africa, thanks to climate change and its accompanying evils, seems to be the site of unending famine. Help should be given, but we must recognise that there, as other regions of the world, the human presence may drastically diminish.

I gCéinia, in oirthear na hAfraice, tá campa teifeach Kakauma agus é ar na campaí is mó ar domhain. D'fháiltigh sé roimh Shúdánaigh ar dtús, ansin tháinig na Somálaigh, na hAetópaigh, na Burundaigh, na hUgandaigh, iad ag éalú ón gcogadh agus ón ngorta. Níl sárú ar an ngorta go háirithe, agus is iad na páistí is mó atá thíos leis an míchothú. Tá Ospidéal Ginearálta Ammusait ann, ospidéal a chuir an Chros Dhearg ar bun go luath sna 1990idí, ach ar éigean atá an fhoireann in ann ag an obair anois agus an oiread sin daoine ag plódú isteach ó chríocha eile agus ón gceantar máguaird. Fiú má mhaireann na páistí i ndiaidh an ghorta ní thagann siad chucu féin i gceart, ó chuirtear bac ar a bhfás.

¹ <https://www.irishtimes.com/tuarascail/2023/01/02/da-mbeinnse-i-mo-thaoiseach-ar-feadh-lae/>



Kakuama
Wikimedia Commons

Níl deireadh leis an triomach i duaisceart na Céinia; tá teaghlach ag éirí bocht dá bharr, agus is iomaí páiste nach dtéann ar scoil. B'fhurasta d'ógánaigh gan oiliúint dul in Al-Shabaab, grúpa Ioslamaíoch atá cothú iaróige sa réigiún sin. Is minic a fheictear páistí nach acmhainn dá muintir iad a chur ar scoil ag fanacht ar thaobh an bhóthair

mhóir atá ag rith aneas ón Afraic Theas go dtí an Éigipt agus iad ag iarraidh uisce ar na daoine a ghabhann thart.

Is mór an baol an gorta in oirthuaisceart na hAfraice do bheagnach 40 milliún duine tar éis cúig shéasúr gan bháisteach nó gan a ndóthain báistí. Is dócha gur mar sin a bheidh an scéal i mbliana, agus sin gan trácht ar chogaí sa bhaile agus i gcéin a fhágann lorg ar sholáthar an bhia. Deirtear go mbeidh an t-ocras ag cur go géar ar sheacht milliún páiste faoi bhun cúig bliana d'aois.

Is léir go bhfuil an-ghá le cúnaimh idirnáisiúnta. Is léir freisin go bhfuil baint mhór leis an athrú aeráide lena bhfuil ag titim amach in oirthuaisceart na hAfraice, agus sin athrú nach maolófar lenár linn. Tugtar an cúnaimh, ach ní foláir dúinn a aithint go bhfuil fásach ceart á dhéanamh den chuid sin den Afraic, díreach mar atá daoine i mbaol a ndíbeartha i réigiúin eile ar fud an domhain de dheasca tuilte nó teasa nó triomaigh.

https://insideclimatenews.org/news/28122022/malnutrition-horn-of-africa-climate-change/?utm_source=InsideClimate+News&utm_campaign=42aef59b55-EMAIL_CAMPAIGN_2023_01_07_05_00&utm_medium=email&utm_term=0_29c928ffb5-42aef59b55-328553180

<https://www.refugeesinternational.org/reports/2022/12/7/we-were-warned-unlearned-lessons-of-famine-in-the-horn-of-africa#:~:text=Almost%2040%20million%20people%20in,is%20exacerbated%20by%20protracted%20conflict.>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Colin Ryan. D'fhoilsigh Coiscéim an dara cnuasach aige, *Rogha*, in 2022.

Fágtha

Bhí ár dtábhacht féin linn
an tráthnóna úd
ag féachaint ar chasadh
an domhain ón ngrian
is taisí ag siúl na sráide:
sinn ag imeacht inár nduine
is inár duine
is dán gan iomrá
fágtha ar an mbord

Glam

Sinsear leat ag spágáil
faoi chith faoi ghealán
trí bhláthanna aitinn
istigh ionat
ag rá leis féin gur ríocht gan dua
nach dual go bhfaightear
is madraí allta ag ligean glaime
ar imeall d'intinne

